EBA/GL/2022/02

24 Feabhra 2022

# Treoirlínte

## maidir leis an eisiamh teoranta líonra faoin dara treoir maidir le seirbhísí íocaíochta — PSD2

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 08.06.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2022/02' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo an tslí a gcuirfear an t-eisiamh faoi Airteagal 3(k) den Treoir (AE) 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach (PSD2) chun feidhme[2].

6. Ina theannta sin, sonraítear sna Treoirlínte seo mionsonraí ar an bpróiseas fógartha faoi Airteagal 37(2) de PSD2 agus faoin tuairisc ar an ngníomhaíocht a chuirtear ar fáil go poiblí faoi Airteagal 37(5) de PSD2.

## Raon feidhme

7. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leis na seirbhísí atá bunaithe ar ionstraimí íocaíochta sonracha nach féidir a úsáid ach ar bhealach teoranta mar a shonraítear faoi Airteagal 3(k) de PSD2 atá eisiata ó raon feidhme PSD2. Go háirithe, leagtar amach sna Treoirlínte critéir agus tosca a bheidh le cur san áireamh ag na húdaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar cheart do na gníomhaíochtaí teacht faoi eisiaimh Airteagal 3(k).

8. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo freisin maidir leis an bpróiseas fógartha faoi Airteagal 37(2) de PSD2, lena n-áirítear ríomh na tairsí agus an fhaisnéis a bheidh san fhógra arna chur faoi bhráid na n-údarás inniúil ag eisitheoirí.

9. Ina theannta sin, tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil go poiblí ar chlár náisiúnta na n-údarás inniúil agus ar chlár lárnach an ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 37(5) de PSD2.

10. Ar deireadh, tá feidhm ag codanna de na Treoirlínte seo maidir le seirbhísí faoi Airteagal 3(k) de PSD2 a sholáthraíonn soláthraithe rialáilte seirbhísí íocaíochta agus eisitheoirí airgid leictreonacha.

## Seolaithe

11. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainítear i bpointe (2) (vi) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

---

[2] Tugtar ar aird, leis, i gcomhréir le hAirteagal 1(4) de Threoir 2009/110/CE maidir le dul i mbun gnó na n-institiúidí airgid leictreonaí, a shaothrú agus a mhaoirsiú stuamachta (EMD2), nach bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le luach airgeadaíochta arna stóráil ar ionstraimí atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2.

# 3. Cur chun feidhme

## An dáta iarratais

12. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 1 Meitheamh 2022.

## Forálacha idirthréimhseacha

13. Tá na Treoirlínte seo faoi réir na socruithe idirthréimhseacha seo a leanas:

a) Ba cheart go n-iarrfadh údaráis inniúla ar eisitheoirí a bhaineann leas as an eisiamh faoi Airteagal 3(k)(i) nó (ii) de PSD2 agus a chuir fógra isteach cheana faoi Airteagal 37(2) de PSD2 an fógra a chur isteach arís faoin 1 Meán Fómhair 2022 agus forálacha na dTreoirlínte seo á gcur san áireamh.

b) Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú gasta a dhéanamh ar na fógraí arna gcur isteach arís faoi mhír 13(a).

# 4. Treoirlínte maidir leis an eisiamh líonra teoranta faoi Threoir (AE) 2015/2366

## Treoirlíne 1: Ionstraimí íocaíochta sonracha faoi Airteagal 3(k) de PSD2

1.1. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh gur ionstraimí íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(14) de PSD2 iad na hionstraimí íocaíochta sonracha nach féidir a úsáid ach ar bhealach teoranta faoi Airteagal 3(k) de PSD2. Ba cheart go gceadódh na húdaráis inniúla do gach cineál ionstraimí íocaíochta éagsúla faoi PSD2 leas a bhaint as eisiamh faoi Airteagal 3(k) de PSD2.

1.2. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh gur féidir na hionstraimí íocaíochta sonracha a úsáid chun earraí agus seirbhísí fisiceacha agus digiteacha araon a fháil.

1.3. Níor cheart d'údaráis inniúla aon srianta a fhorchur ar na modhanna chun cistí a aistriú chuig an ionstraim íocaíochta, ar féidir iad a dhéanamh trí idirbhearta íocaíochta a chur i gcrích agus/nó trí airgead leictreonach a eisiúint. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh, sna cásanna ina n-aistrítear cistí chuig an ionstraim íocaíochta trí idirghabhálaí seachas an t-eisitheoir a úsáid, gur cheart an t-aistriú cistí a mheas mar sheirbhís íocaíochta ar leithligh nach dtagann faoi raon feidhme na seirbhíse atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2.

1.4. Ba cheart d'údaráis inniúla a sheiceáil, agus an fhaisnéis arna soláthar ag eisitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí bunaithe ar ionstraim íocaíochta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(k) de PSD2 laistigh dá ndlínse á measúnú, an gcuireann na heisitheoirí sin srianta teicniúla agus conarthacha i bhfeidhm a theorannaíonn úsáid na hionstraime íocaíochta. Níor cheart d'údaráis inniúla a mheas gur srian teicniúil amháin é conradh a bheith i láthair idir an t-eisitheoir agus sealbhóir na hionstraime íocaíochta.

1.5. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na srianta teicniúla sonracha maidir leis na rudaí seo a leanas ar a laghad:

a) na soláthraithe earraí agus seirbhísí mar ar féidir an ionstraim íocaíochta a úsáid, is infheidhme maidir le heisiamh faoi Airteagal 3(k)(i) de PSD2; nó

b) an raon earraí agus seirbhísí is féidir a cheannach leis an ionstraim íocaíochta, is infheidhme maidir le heisiamh faoi Airteagal 3(k)(ii) de PSD2; nó

c) an suíomh geografach inar féidir earraí nó seirbhísí a fháil ó sholáthraithe sonracha chun críocha sonracha sóisialta nó cánach, is infheidhme maidir le heisiamh faoi Airteagal 3(k)(iii) de PSD2.

1.6. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh gur féidir le modh íocaíochta aonair cártabhunaithe nó modh eile íocaíochta freastal ar níos mó ná aon ionstraim íocaíochta sonrach amháin laistigh de raon feidhme Airteagal 3(k) de PSD2. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbeidh feidhm ag na srianta teicniúla agus conarthacha a shonraítear i dTreoirlínte 1.4 agus 1.5 maidir le gach ionstraim íocaíochta sonrach.

1.7. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach féidir le modh íocaíochta aonair cártabhunaithe nó modhanna eile íocaíochta freastal go comhuaineach ar ionstraimí íocaíochta laistigh de raon feidhme PSD2 agus ar ionstraimí íocaíochta sonracha laistigh de raon feidhme Airteagal 3(k) de PSD2.

1.8. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh go bhféadfaidh eisitheoirí níos mó ná ionstraim íocaíochta sonrach amháin a eisiúint faoi Airteagal 3(k) de PSD2, ar choinníoll go gcomhlíonann gach ionstraim íocaíochta na ceanglais atá leagtha amach sna Treoirlínte seo.

1.9. Níor cheart d'údaráis inniúla a in-infhuascailte atá an luach airgeadaíochta atá stóráilte ar an ionstraim íocaíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu cibé an dtagann an ionstraim íocaíochta faoi raon feidhme Airteagal 3(k) de PSD2.

1.10. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur féidir ionstraimí íocaíochta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(k) de PSD2, a stórálann luach airgeadaíochta ar an ionstraim íocaíochta, a athlódáil nó a úsáid chun críocha aonuaire amháin.

1.11. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach féidir le hionstraim íocaíochta aonair atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2 leas a bhaint as níos mó ná eisiamh amháin ó raon feidhme chur i bhfeidhm PSD2, lena n-áirítear eisiaimh eile faoi Airteagal 3(k) de PSD2.

1.12. Féadfar eisitheoir na hionstraime íocaíochta sonracha a bhunú i mBallstát nach ionann é agus Ballstát an údaráis inniúil faoi seach a fuair an fógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2.

1.13. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur cheart a áireamh sna heisiaimh faoi Airteagal 3(k) de PSD2, inter alia, idirbhearta a nglacann an t-eisitheoir féin leo nuair a dhéantar an t-idirbheart laistigh de líonra a bhaineann leas as eisiamh faoi Airteagal 3(k) de PSD2. nuair is glacadóir sa líonra sin é an t-eisitheoir féin.

## Treoirlíne 2: Líonra teoranta soláthraithe seirbhíse faoi Airteagal 3(k)(i) de PSD2

2.1 Agus measúnú á dhéanamh acu cibé an bhfuil teorainn le húsáid ionstraime íocaíochta sonrach laistigh de líonra teoranta soláthraithe seirbhíse, ba cheart d'údaráis inniúla na

critéir uile seo a leanas a chur san áireamh agus an fhaisnéis a chuir an t-eisitheoir ar fáil leis an bhfógra arna chur isteach faoi Airteagal 37(2) de PSD2 á measúnú:

a) tugtar comhaontú conarthach díreach maidir le glacadh le hidirbhearta íocaíochta i gcrích idir eisitheoir na hionstraime íocaíochta agus gach soláthraí earraí agus seirbhísí, agus, i gcás inarb infheidhme, gach glacadóir, a oibríonn laistigh den líonra teoranta;

b) An t-uaslíon soláthraithe earraí agus seirbhísí atá beartaithe a oibríonn laistigh den líonra teoranta mar atá leagtha amach ag an eisitheoir san fhógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2; agus

c) Cuireann an soláthraí earraí agus seirbhísí ar fáil faoi bhranda coiteann atá mar thréith ag an líonra teoranta agus soláthraíonn sé léiriú amhairc d'úsáideoir na hionstraime íocaíochta.

2.2 Mar chomhlánú ar an measúnú faoi Threoirlíne 2.1, ba cheart d'údaráis inniúla na táscairí breise seo a leanas go léir a chur san áireamh, bunaithe ar mhéid agus ar shainiúlacht a gcuid margaí:

a) An limistéar geografach sonrach le haghaidh soláthar earraí agus seirbhísí, mar atá leagtha amach ag an eisitheoir;

b) Méid agus luach na n-idirbheart íocaíochta atá le déanamh leis na hionstraimí íocaíochta ar bhonn bliantúil, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir;

c) An t-uasmhéid a bheidh le creidiúnú do na hionstraimí íocaíochta, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir;

d) Uasmhéid na n-ionstraimí íocaíochta a bheidh le heisiúint, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir; agus

e) Na rioscaí a bhíonn roimh an gcustaiméir agus an ionstraim íocaíochta sonrach á húsáid, mar a shainaithin an t-eisitheoir.

2.3 Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur féidir le líonra teoranta soláthraithe seirbhísí a bheith comhdhéanta de shiopaí fisiceacha amháin, de shiopaí ar líne amháin nó de theaglaim de shiopaí fisiceacha agus de shiopaí ar líne.

2.4 Agus an measúnú a leagtar amach i dTreoirlínte 2.1 agus 2.2 á dhéanamh acu, níor cheart d'údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha siopaí agus níor cheart dóibh a cheangal go mbeadh na cineálacha earraí agus seirbhísí a thairgtear i siopaí ar líne ag brath ar an cineálacha earraí agus seirbhísí a thairgtear i siopaí fisiceacha nó vice versa.

2.5 Níor cheart go gceadódh údaráis inniúla úsáid na hionstraime íocaíochta céanna atá eisiata faoi Airteagal 3(k)(i) de PSD2 ar fud líonraí teoranta éagsúla soláthraithe seirbhíse.

2.6 Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh go bhféadfaidh eisitheoir na hionstraime íocaíochta nó soláthraithe earraí agus seirbhísí tabhairt i gcrích an chomhaontaithe chonarthaigh dá dtagraítear i dTreoirlíne 2.1 a tharmligean chuig tríú páirtí ag gníomhú thar a gceann faoi seach.

2.7 Ba cheart d'údaráis inniúla Treoirlínte 2.1 agus 2.2 a chur i bhfeidhm ar bhealach sriantach nach bhforálann don fhéidearthacht go bhféadfadh ionstraim íocaíochta sainchuspóra teacht chun bheith ina hionstraim íocaíochta ilchuspóireach.

## Treoirlíne 3: Ionstraimí a úsáidtear laistigh d'áitreabh an eisitheora faoi Airteagal 3(k)(i) de PSD2

3.1 Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach féidir ionstraimí íocaíochta nach gceadaíonn don sealbhóir earraí nó seirbhísí a fháil ach amháin in áitreabh an eisitheora a úsáid ach amháin in áitreabh fisiceach agus nach féidir iad a úsáid i siopaí ar líne.

## Treoirlíne 4: Raon teoranta earraí agus seirbhísí faoi Airteagal 3(k)(ii) de PSD2

4.1. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh, d'fhonn úsáid ionstraime íocaíochta sonrach a mheas mar ionstraim theoranta chun raon an-teoranta earraí nó seirbhísí a fháil faoi Airteagal 3(k)(ii) de PSD2, ba cheart nasc feidhmiúil idir na hearraí. agus/nó na seirbhísí is féidir a fháil leis an ionstraim íocaíochta a bheith ann.

4.2. Agus an nasc feidhmiúil idir na hearraí agus/nó na seirbhísí á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh go bhfuil catagóir sonrach earraí agus/nó seirbhísí a bhfuil cuspóir coiteann acu sainaitheanta ag an eisitheoir. Ba cheart d'údaráis inniúla a sheiceáil cibé ar shainaithin an t-eisitheoir na hearraí agus/nó na seirbhísí a thagann faoin gcatagóir shonrach agus an bhfuil cur síos déanta aige ar an nasc feidhmiúil eatarthu san fhógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2.

4.3. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh go bhféadfaidh nasc feidhmiúil a bheith ann idir earraí agus/nó seirbhísí fisiceacha agus digiteacha.

4.4. Mar chomhlánú ar an measúnú faoi Threoir 4.1 agus faoi Threoir 4.2, ba cheart d'údaráis inniúla na táscairí breise seo a leanas go léir a chur san áireamh, bunaithe ar mhéid agus ar shainiúlacht a margaí:

a) Méid agus luach na n-idirbheart íocaíochta atá le déanamh leis na hionstraimí íocaíochta ar bhonn bliantúil, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir;

b) An t-uasmhéid a bheidh le creidiúnú do na hionstraimí íocaíochta, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir;

c) Uasmhéid na n-ionstraimí íocaíochta a bheidh le heisiúint, mar a shamhlaíonn an t-eisitheoir; agus

d) Na rioscaí a bhíonn roimh an gcustaiméir agus an ionstraim íocaíochta sonrach á húsáid, mar a shainaithin an t-eisitheoir.

4.5. Ba cheart d'údaráis inniúla Treoirlínte 4.1, 4.2 agus 4.4 a chur i bhfeidhm ar bhealach sriantach nach bhforálann don fhéidearthacht go bhféadfadh ionstraim íocaíochta sainchuspóra teacht chun bheith ina hionstraim íocaíochta ilchuspóra.

## Treoirlíne 5: Soláthar seirbhísí faoi Airteagal 3(k) de PSD2 ag eintitis rialáilte

5.1. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh go bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 de PSD2 agus eisitheoirí airgid leictreonacha seirbhísí a sholáthar bunaithe ar ionstraimí íocaíochta sonracha nach féidir a úsáid ach ar bhealach teoranta, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais faoi Airteagal 3(k) de PSD2 agus na Treoirlínte seo.

5.2. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú, i gcásanna ina soláthraíonn soláthraithe seirbhísí íocaíochta nó eisitheoirí airgid leictreonacha seirbhísí freisin faoi Airteagal 3(k) de PSD2, go ndéanfaidh na heintitis sin idirdhealú idir na seirbhísí íocaíochta rialáilte/airgead leictreonach ó na seirbhísí atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2 ar bhealach soiléir so-aitheanta, lena n-áirítear trí léiriú sonrach amhairc a sholáthar.

5.3. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus eisitheoirí airgid leictreonacha an t-úsáideoir ar an eolas faoin ionstraim íocaíochta ar leith ar bhealach simplí agus soiléir nach ndéantar na seirbhísí a chuirtear ar fáil a rialáil agus a mhaoirsiú, agus nach mbaineann úsáideoirí leas as an gcosaint d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi PSD2.

5.4. Más rud é le linn an mheasúnaithe ar an bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 37(2) de PSD2, go dtiocfaidh an t-údarás inniúil ar an tuairim

a) nach bhfuil an t-idirdhealú idir na seirbhísí íocaíochta rialáilte agus/nó airgead leictreonach agus na seirbhísí atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2 soiléir nó iomchuí a dhóthain, lena n-áirítear trédhearcacht na cumarsáide le húsáideoirí na hionstraime íocaíochta sonracha arna leagan amach i dTreoirlínte 5.2. agus 5.3, agus/nó

b) gur dócha go ndéanfaidh na seirbhísí atá eisithe faoi Airteagal 3(k) de PSD2 dochar d'fhóntas airgeadais an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta/eisitheora airgid leictreonaigh nó ar chumas an údaráis inniúil faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dlí i PSD2 agus/nó EMD2,

gur cheart don údarás inniúil gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh dá réir.

## Treoirlíne 6: Fógraí faoi Airteagal 37(2) de PSD2

6.1. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur cheart don eisitheoir an fógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2 a chur faoi bhráid an údaráis inniúil i ngach Ballstát ina bhfuil úsáideoirí na hionstraime íocaíochta suite agus ina sáraítear an tairseach a leagtar amach in Airteagal 37(2) de PSD2 i mBallstát ar leith.

6.2. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur cheart don eisitheoir an fógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2 a thíolacadh ar feadh aon tréimhse ar leith is giorra ná 12 mhí nuair a sháraíonn luach iomlán na n-idirbheart íocaíochta EUR 1 milliún sa tréimhse sin.

6.3. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur cheart go mbeadh faisnéis san fhógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2 faoin gcineál eisiaimh faoina ndéantar an ghníomhaíocht agus tuairisc ar an ngníomhaíocht.

6.4. Ba cheart go mbeadh faisnéis sa tuairisc ar an ngníomhaíocht dá dtagraítear i dTreoirlíne 6.3:

a) ar cibé an bhfuil na hearraí agus/nó na seirbhísí is féidir a fháil fisiciúil agus/nó digiteach;

b) maidir le Ballstáit eile ina soláthraíonn an t-eisitheoir céanna an tseirbhís faoi Airteagal 3(k) de PSD2 a chumhdaítear leis an bhfógra don údarás inniúil; agus

c) aon fhaisnéis eile lena gceadaítear d'údaráis inniúla an fógra a mheasúnú i gcomparáid leis na Treoirlínte seo.

6.5. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh nach bhfuil an fógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2 le tíolacadh ach uair amháin. Ba cheart fógra nua breise a chur faoi bhráid an údaráis inniúil nuair a bheidh aon athrú suntasach tagtha ar aon fhaisnéis a bhaineann leis an ionstraim íocaíochta sonrach céanna nó leis na hionstraimí íocaíochta sonracha céanna a soláthraíodh leis an bhfógra tosaigh.

6.6. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh gur féidir na nithe seo a leanas a áireamh sna hathruithe suntasacha dá dtagraítear i dTreoirlíne 6.5, ach gan a bheith teoranta dóibh:

a) tá deireadh le soláthar na seirbhísí eisiata;

b) tá sé beartaithe ag an eisitheoir líon na soláthraithe earraí agus/nó seirbhísí a mhéadú faoi Threoirlíne 2.1(b);

c) tá sé beartaithe ag an eisitheoir an limistéar geografach sonrach maidir le soláthar earraí agus/nó seirbhísí a leathnú faoi Threoirlíne 2.2(a); nó

d) tá sé beartaithe ag an eisitheoir seirbhísí a thairiscint faoi Airteagal 3(k)(i) nó (ii) de PSD2 bunaithe ar ionstraim nach bhfuil clúdaithe san fhógra bunaidh; nó

e) tá sé beartaithe an chatagóir shonrach earraí agus/nó seirbhísí ar tugadh fógra ina leith roimhe seo agus a bhfuil cuspóir coiteann acu dá dtagraítear i dTreoirlíne 4.2 a athrú.

6.7. Ar aon chuma, féadfaidh údaráis inniúla iarraidh ar eisitheoirí fógra nua a thíolacadh ina mbeidh faisnéis nuashonraithe má mheasann siad go bhfuil gá leis sin chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil athrú tagtha ar an bhfaisnéis a chuir an t-eisitheoir ar fáil leis an bhfógra tosaigh.

6.8. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chur san áireamh go bhfuil ríomh na tairsí faoi Airteagal 37(2) de PSD2 le déanamh ar leibhéal gach eisitheora. I gcás ina soláthraíonn eisitheoir aonair seirbhísí atá bunaithe ar níos mó ná ionstraim íocaíochta shonrach amháin faoi Airteagal 3(k)(i) agus/nó (ii) de PSD2, ba cheart an tairseach a ríomh trí na hidirbhearta íocaíochta go léir a dhéanfar sna Ballstáit faoi seach a chomhcheangal leis na hionstraimí íocaíochta sonracha uile atá á dtairiscint ag an eisitheoir céanna.

6.9. Níor cheart d'údaráis inniúla an t-eisitheoir a áireamh ina gclár náisiúnta faoi Airteagal 14 de PSD2 agus i gclár lárnach an ÚBE faoi Airteagal 15 de PSD2 ach uair amháin agus ba cheart go léireoidís go beacht tuairisc ar na gníomhaíochtaí a rinneadh le gach ionstraim íocaíochta ar leith faoi Airteagal 3(k)(i) agus/nó (ii) de PSD2. Ba cheart go n-áireodh údaráis inniúla freisin sa tuairisc ar ghníomhaíochtaí sna cláir an fhaisnéis faoi Bhallstáit eile ina soláthraíonn an t-eisitheoir céanna seirbhísí faoi Airteagal 3(k)(i) agus/nó (ii) de PSD2.

6.10. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gceadaíonn an fhaisnéis arna soláthar ag eisitheoir leis an bhfógra faoi Airteagal 37(2) de PSD2 dóibh a mheasúnú an dtagann an ghníomhaíocht faoi raon feidhme Airteagal 3(k)(i) agus/nó (ii) de PSD2 nó an mbeidh údarú de dhíth air mar sholáthraí seirbhíse íocaíochta nó mar eisitheoir airgid leictreonach. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil leis an bhfógra neamhiomlán, doiléir nó débhríoch, ba cheart don údarás inniúil faisnéis bhreise nó soiléiriú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh cheana a iarraidh ar an eisitheoir chun an cinneadh a dhéanamh.

## Treoirlíne 7: Líonra teoranta faoi Airteagal 3(k)(iii) de PSD2

7.1. Níor cheart go n-éileodh údaráis inniúla go gcomhlíonfadh na hionstraimí íocaíochta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 3(k)(iii) de PSD2 na ceanglais is infheidhme maidir leis na hionstraimí atá eisithe faoi Airteagal 3(k)(i) agus (ii) de PSD2.